CINNEADH (AE) 2020/2077 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2020

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 10 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

— glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2020 go cinntitheach an 27 Samhain 2019 ([2]);

— thíolaic an Coimisiún togra, an 9 Deireadh Fómhair 2020, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 10 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2020;

— ar mhaithe le go nglacfadh Parlaimint na hEorpa an dréachtbhuiséad leasaitheach sin go tráthúil roimh dheireadh na bliana airgeadais 2020, ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill agus a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 10 a ghabhann le buiséad ginearálta na bliana 2020 a ghlacadh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine maidir leis an bhfaisnéis do Pharlaimintí náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 10 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 a ghlacadh an 8 Nollaig 2020.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 57, 27.2.2020, lch. 1.